Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

(AS COMM)

Foilsiú folúntais le haghaidh phost an Chinn Ionadaíochta i Sóifia –

Ionadaíocht sa Bhulgáir (Grád AD 14)

(Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne)

COM/2023/10433

Cé sinn

Is seirbhís cumarsáide chorparáideach í Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM) a thuairiscíonn d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, a chuireann tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh chun cinn agus a chuidíonn an Eoraip a thabhairt níos gaire do shaoránaigh.

Is iad na hIonadaíochtaí – mar chuid d'Ard-Stiúrthóireacht COMM – súile, cluasa agus guth an Choimisiúin ar an láthair i mBallstáit uile an Aontais.

- Déanann na hIonadaíochtaí ionadaíocht don Choimisiún sa Bhallstát: Cuireann siad tuairimí an Choimisiúin in iúl do na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, do na parlaimintí, do na saoránaigh agus do dhaoine eile.

- Tacaíocht do Chomhaltaí an Choláiste: Bíonn siad ag obair chun go mbeidh rath ar chuairteanna na gCoimisinéirí ar na Ballstáit, trí chruinnithe agus trí chlúdach na meán a eagrú, trí fhaisnéis a chur ar fáil faoi na forbairtí polaitiúla is déanaí, agus trína chinntiú go ndéanfar obair leantach.

- Faisnéis pholaitiúil agus eacnamaíoch agus anailísiú polaitiúil agus eacnamaíoch: Déanann na hIonadaíochtaí forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha sna Ballstáit a thuairisciú agus cuireann siad faisnéis cothrom le dáta ar fáil don Uachtarán agus don Choláiste maidir le treochtaí agus imeachtaí atá ar siúl ar fud an Aontais.

- Obair leis na meáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla: In éineacht leis an tSeirbhís Urlabhraí, cuireann Ionadaíochtaí faisnéis faoi thosaíochtaí agus obair an Choimisiúin ar fáil d'iriseoirí, eagraíonn siad preasagallaimh, freagraíonn siad ceisteanna agus cuireann siad deireadh le míthuiscintí nuair is gá. Cuireann siad teachtaireacht an Choimisiúin in oiriúint do riachtanais na háite.

- Teagmháil leis na saoránaigh: Is mol faisnéise an Aontais sna Ballstáit iad na hIonadaíochtaí. Déanann siad teagmháil le saoránaigh agus bíonn siad ag idirghníomhú leo go fisiceach agus tríd na meáin shóisialta agus déanann siad obair na líonraí faisnéise a chomhordú.

An tairiscint

Post an Stiúrthóra mar Cheann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i Sóifia (an Bhulgáir).

I measc na bhfreagrachtaí tá an méid seo a leanas:

- feidhmiú mar Urlabhraí an Choimisiún sa Bhallstát óstach;

- straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun beartais an Choimisiúin a mhíniú agus chun tacaíocht do na beartais sin a chothú, lena n-áirítear ar an leibhéal sinsearach;

- monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta agus tuairisciú ar ais a dhéanamh maidir leo;

- bainistiú straitéiseach ghníomhaíochtaí na hIonadaíochta, maidir lena hacmhainní daonna agus airgeadais, agus a gcomhleanúnachas agus a gcomhoiriúnacht le tosaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin á gcinntiú an tráth céanna, i gcomhréir leis na cuspóirí bliantúla;

- líonraí faisnéise an Choimisiúin a stiúradh sa Bhallstát óstach,

- an comhar le hOifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa a chomhordú;

Déanann an Ceann Ionadaíochta maoirseacht ar gach gné den Ionadaíocht agus feidhmíonn sé mar Oifigeach Údarúcháin trí Fhotharmligean (AOSD); dá bhrí sin, meastar an post a bheith 'íogair'. Tá fad an tsainordaithe teoranta do 3 bliana ar dtús de réir na rialacha uainíochta (C/2008/3983).

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

Scileanna bainistíochta

- An cumas baill foirne cháilithe a earcú agus a choinneáil
- An cumas tosaíochtaí a shainiú agus díriú orthu, obair leantach agus meastóireacht a dhéanamh ar an obair a dhéantar chun na cuspóirí a bhaint amach
- An cumas a bheith ag obair i ndlúthchomhar thar achar geografach
- An cumas foireann ildisciplíneach ilchultúrtha a stiúradh i dtimpeallacht pholaitiúil chasta
- An cumas cuspóirí na hIonadaíochta a shocrú agus a athrú i gcomhréir le príomhghníomhaíochtaí Cumarsáide an Choimisiúin

Sainscileanna agus saintaithí

- Beidh na nithe seo a leanas ina mbuntáiste mór ag an iarrthóir: taithí oibre a bhfuil cruthúnas uirthi a fuarthas i réimse na cumarsáide, na meán nó i réimse na ngnóthaí polaitiúla agus eacnamaíocha, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht pholaitiúil nó caibidlíocht pholaitiúil a ullmhú ar an leibhéal sinsearach agus i líonra ábhartha sa Bhallstát óstach.
- Tuiscint ar scagchuarda riaracháin agus airgeadais sa Choimisiún
- Sáreolas ar an staid pholaitiúil agus ar na meáin sa tír óstach
- Sáreolas ar thosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin agus ar an gcaidreamh idirinstitiúideach
- An cumas cumarsáid líofa a dhéanamh i dteanga náisiúnta na tíre óstaí

Buanna pearsanta

- Cumas léirithe tosaíochtaí a aithint, bealaí cur chuige a cheapadh agus freagairt go tapa d'imthosca a bhíonn ag athrú go tapa.
- Sárscileanna cumarsáide agus ionadaíochta
- Cumas láidir caidreamh oibre dearfach agus comhoibríoch a fhorbairt le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar an leibhéal sinsearach

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Is ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas amháin, nach mór iad a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á déanamh:

- Náisiúntacht: ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach.

- Céim nó dioplóma ollscoile: ní mór d'iarrthóirí:

  - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

  - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

- Taithí ghairmiúil: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime 15 bliana ar a laghad a bheith acu[1] ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí a ndéantar tagairt dóibh thuas.

- Taithí bhainistíochta: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte acu i bhfeidhm bhainistíochta ardleibhéil[2].

- Teangacha: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh[3] agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tástáil chéanna d'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.

- Teorainn aoise: ní mór do na hiarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois atá sainithe d'oifigigh an Aontais mar dheireadh na míosa ina slánóidh an duine 66 bliana (féach Airteagal 52 (a) de na Rialacháin Foirne[4]).

Roghnú agus ceapachán

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnú agus an ceapachán (féach: An Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach [5]).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad

---

1 Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhír atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar obair cheart a bhfuair an t-iarrthóir pá aisti mar fhostaí (ar aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Tá saoire mháithreachais/saoire do thuismitheoirí/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre a glacadh an tsaoire sin. Déantar dochtúireachtaí a chomhshamhlú le taithí ghairmiúil, fiú amháin nuair nach dochtúireachtaí ar pá iad, ach déantar sin ar feadh uastréimhse 3 bliana amháin, ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse a chomhaireamh ach uair amháin.

2 Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina *curriculum vitae*: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon na bpiaraí.

3 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701

4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

5 https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission_en#vacancies (is i mBéarla amháin atá sé seo ar fáil)

fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Tar éis na n-agallamh sin, dréachtóidh an painéal réamhroghnúcháin a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin. Cuirfidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Glacfaidh na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh leis an gCoiste Comhairleach um Cheapacháin dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach don fheidhm.

Is iad na Comhaltaí ábhartha den Choimisiúin a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta an Choiste Comhairligh um Cheapacháin.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh ceapacháin.

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgais an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúchán a dhéanann údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, tá cuspóir straitéiseach á shaothrú ag an gCoimisiún an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Earcófar an t-iarrthóir a roghnófar mar oifigeach ar ghrád AD14[6]. Rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí ghairmiúil roimhe sin.

Ba chóir don iarrthóir a roghnófar a thabhairt dá aire go gceanglaítear de réir na Rialachán Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil uirthi.

Is i Sóifia na Bulgáire atá an t-ionad oibre.

Beidh an folúntas ann ón 01/09/2023 ar aghaidh.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Beidh sé de cheangal ar na hiarrthóirí dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

Sonraí pearsanta a chosaint

Cinnteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7]. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

An nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus an acmhainn theangeolaíoch atá ag teastáil. Más rud é nach gcomhlíonann iarrthóir aon cheann de na riachtanais incháilitheachta, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

---

6 An chomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme maidir leis an mBulgáir i ndáil le luach saothair agus pinsin oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid an Aontais, tá sí socraithe ag 65 % ón 1 Iúil 2022. Tá an chomhéifeacht sin faoi réir athbhreithniú bliantúil.

7 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass[8] más féidir é, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost. Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé do chlárú ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go gcaithfeá an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

Dáta deiridh

Is é an **26/6/2023, 12.00 meán lae am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

[8] Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv